

# Le Gean ar Ghaeil: Fiontar Beathaisnéise

Diarmuid Breathnach

(CATHAOIRLEACH: MÁIRÍN NIC EOIN)

Tamall ó shin bhí mo chomhúdar, Máire Ní Mhurchú, agus mé féin i Sráid Bhagóid i mBaile Átha Cliath. Bhí feiminí nach luafad ar ár sála. Chuala sí mise ag cur díom, ‘Sea, an gnáthrud’, ar sise, go searúsach, ‘Diarmuid ag caint agus Mary ag éisteacht’. Bhuel is é an seanrud sin arís anocht é.

Tríocha bliain ó shin, bhíos im leabharlannaí i gCill Chainnigh. Tharla múinteoir as an gCarn sa bhfoireann in aon seomra liom oíche. Ag titim im’ chodladh dom, d’fhiafraigh sé ‘Cá mbeadh eolas ar Mhicheál Cíosóg?’ B’as an gCarn dósan freisin, ar ndóigh. Cheadaíos an *Concise Dictionary of Irish Biography* le Crone—i mbliain 1928 a foilsíodh é tráth a bhí Cíosóg marbh le dhá bhliain is fiche. Mar seo a chuir Crone síos ar a leabhar: ‘The most complete and comprehensive list ever published of notable Irish men and women in every sphere of activity’. Ba é an chéad leabhar dá leithéid é ó d’fhoilsigh Webb a fhoclóir sin caoga bliain roimhe sin. Ach níor thug Crone bheith istigh do Chíosóg. Scríobhas chuig an Leabharlann Náisiúnta. Níorbh eol dóibh aon rud i gcló ach a raibh ag Daithí Ó hUaithne sa chnuasach úd *The Shaping of Modern Ireland* (1960). Níl ansin ach leide i dtaobh a dhonacht a bhí cúrsaí beathaisnéise fadó agus cúrsaí innéacsála agus gnó na foilsitheoireachta. Breis mhaith is deich mbliana ó shin, chuir an tAcadamh Ríoga tús le Scéim Beathaisnéise Náisiúnta. An ganntanas airgid agus foirne is cúis le gan aon chuid de a bheith tugtha chun críche ná foilsithe. Tá daichead a dó míle ainm á gcur san áireamh ach níl tuairim go fóill cathain a fhoilseofar an t-imleabhar A-C, cé go bhfuil cuid mhór de na hiontrálacha sin scríofa, creidim. Cuir i gcomórtas leis an tsiléig sin dul chun cinn an *Dictionary*

*of National Biography*. Tosnaíodh ar an bhfiontar príobháideach seo in 1882 agus féach gur taobh istigh de dhá bhliain is ráithe a foilsíodh an chéad imleabhar agus in imeacht cúig bliana déag go leith foilsíodh an t-iomlán—trí imleabhar is seasca nó dhá imleabhar is fiche fé láthair. Agus níorbh iad na Briotanaigh a bhí ar thús cadhnaíochta. Caoga bliain roimhe sin d’fhoilsigh na Sualannaigh trí imleabhar fichead agus idir dhá linn chuir na hOllannaigh ceithre imleabhar fichead amach, na hOstaraigh trí scór, agus na Gearmánaigh cúig is daichead. Earra comónta go maith ag ciníocha is ea Beathaisnéis Náisiúnta. Cén fáth nach cúis inmí agus scannail dúinne gan ceann a bheith againn? An amhlaidh a chuir na heasnaimh eolais agus na bearnaí foilsitheoireachta go léir laghmhisneach orainn? Nó in ainneoin bhladhmann an náisiúnachais an amhlaidh nach cine tírghrách in aon chor sinn? Nó an é an míniú is simplí nach léir dúinn riachtanas a bheith le Beathaisnéis Náisiúnta? Lucht an iolrachais atá i gcumhacht le fada; an amhlaidh nach léir dóibh sin gurbh í an Bheathaisnéis Náisiúnta an sainmhíniú b’inbhraite ar an iolrachas sin?

Is in RTÉ a thosnaigh an frustrachas seo i dtaobh Bheathaisnéis na hÉireann ag cur isteach orainn. Baineann fadhbanna agus teannais ar leith le leabharlann craolacháin. Is i dtaobh daoine, idir bheo agus mharbh, is minice a dhéantar fiosrúcháin. Bíonn gá le freagraí ar an bpointe boise. Má bhain deacracht le Beathaisnéis na hÉireann i gcoitinne, ba sheacht measa cás na Gaeilge. Ní raibh de chúnamh ó thaobh na beathaisnéise stairiúla de ach *Taighde i gcomhair stair litridheachta na Nua-Ghaedhilge* (1936) le Muiris Ó Droighneáin. Tá céad fiche mionbheathaisnéis ann agus bhearnaí eolais iontu, bhíothas ag brath orthu maidir le heolas láithreach ar údair nua-aimseartha na Gaeilge—an chuid díobh a bhí ag scríobh roimh 1936. Chuir Brian Cleeve eolas breise ar fáil ach ba é an fíorbheagán é. Cúig bliana déag ó shin bheartaigh triúr againn i leabharlann RTÉ foclóir beathaisnéise a chur ar fáil. Bhainfeadh sé le domhan na Gaeilge sa chéad i ndiaidh *Irisleabhar na Gaedhilge* agus ba chúnamh don Bheathaisnéis Náisiúnta é. Thabharfadh sé deis breithiúnas a dhéanamh i dtaobh aon duine ar leith arbh fhiú é go dtabharfaí ionad dó. Ní bheadh cead neamhaird a thabhairt air. Ach bhí fáth eile againn—ba mhian linn rud éigin a fhágáil inár ndiaidh i gcuimhne an mhórhthaitnimh a bhainimis as seirbhís a thabhairt do chlár Gaeilge RTÉ agus do Raidió na Gaeltachta. Ní raibh i gceist againn ar dtús ach aon imleabhar amháin. Bhí sé furasta dhá chéad, abair, de na Gaeilgeoirí ab aitheanta sa chéad atá caite a liostú. Ach chun na hainmneacha tábhachtacha go léir a aithint is de réir a chéile agus de bharr cuid mhaith léitheoireachta (comhaid iomlána d’irisí áirithe a léamh, b’fhéidir) a éiríonn le duine dul i ngleic leis an bhfaillí a déanadh iontu. Dá mbeadh a fhios againn gur ag déileáil le seacht gcéad a bheimis ní móide go dtabharfaimis faoin bhfiontar ar chor ar bith.